An Séasúr is Ansa Liom

Tasc A

Rólimirt

Beidh tusa agus do chara ag caint faoi na séasúir dhifriúla. Beidh sibh ag déanamh cur síos ar an tséasúr is fearr libh agus ar an tséasúr nach dtaitníonn libh. Beidh sibh ag caint faoi na míonna a bhíonn mar chuid de gach séasúr, agus ar laethanta speisialta ar bith a thiteann amach le linn na bliana.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cé acu séasúr is fearr leat? Tabhair liosta de na fáthanna ar maith leat an séasúr seo.**
2. **Cé acu séasúr is lú a dtaitníonn leat? Tabhair liosta de na fáthanna nach dtaitníonn an séasúr seo leat.**
3. **Cén mhí ina mbíonn do bhreithlá? Cad é do dáta breithe?**
4. **An bhfuil ócáidí speisialta ar bith eile ann a thaitníonn leat le linn na bliana? Cén mhí agus cén séasúr ina mbíonn siad?**
5. **Cén séasúr atá ann faoi láthair? Cad iad na míonna atá mar chuid den tséasúr seo?**
6. **An dtig leat na séasúir uilig a ainmniú?**
7. **An dtig leat na míonna uilig a ainmniú agus a chur in ord?**
8. **Cén séasúr a thosaíonn muid ar ais ar scoil gach bliain?**
9. **Cad iad na míonna le 31 lá?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

Na Séasúir:

» An t-earrach (mí Feabhra, mí an Mhárta, mí Aibreáin)
» An samhradh (mí na Bealtaine, mí an Mheithimh, mí Iúil)
» An fómhar (mí Lúnasa, mí Mheán Fómhair, mí Dheireadh Fómhair)
» An geimhreadh (mí na Samhna, mí na Nollag, mí Eanáir)

Míonna na Bliana:

» Eanáir, Feabhra, Márta, Aibreán, Bealtaine, Meitheamh, Iúil, Lúnasa, Meán Fómhair, Deireadh Fómhair, Samhain, Nollaig.

» Is fearr liom ...
» Taitníonn ... liom
» Ní maith liom ...
» An Nollaig – Lá Nollag, Oíche Nollag, Oíche Lae Nollag
» Oíche Shamhna
» Oíche na Seanbhliana
» Oíche chinn féile
» Lá Fhéile Pádraig
» An Cháisc
» Mo bhreithlá
» Ag ceiliúradh
» Cóisir
» Sioctha fuar – préachta
» Grianmhar – ag scoilteadh na gcloch
» Ag plúchadh sneachta
» Áthas ar mo chroí

© CCEA 2022

An Séasúr is Ansa Liom

Seanfhocail

Is maith an scéalaí an aimsir

Samhlacha

Chomh fuar le sioc
Chomh bán le sneachta
Chomh te leis an tine
Chomh dubh le pic
Chomh dorcha le poll

Tasc B

1. Roth na gCeithre Shéasúr

1. Bain úsáid as leathanach glan. Tarraing ciorcal measartha mór.
2. Roinn an ciorcal ina cheithre chuid.
3. Scríobh ainm gach séasúir i gceathrú amháin – An t-Earrach, An Samhradh, An Fómhar, An Geimhreadh.
4. Anois scríobh na míonna atá mar chuid de gach séasúr.
5. Scríobh isteach ócáidí speisialta a thiteann amach le linn na séasúr difriúil.

Anois tarraing pictiúr de gach séasúr.

2. Dátaí speisialta ar fud na bliana

1. Ar phíosa páipéir, scríobh amach míonna na bliana i liosta. Is féidir dathanna difriúla a úsáid do gach mí. Bí cinnte go bhfuil spás fágtha idir gach mí.
2. Scríobh isteach ócáidí ar bith a thiteann amach ar fud na bliana. Bí cinnte go scríobhann tú isteach san áit cheart iad – in aice leis an mhí cheart. Scríobh isteach an dáta fosta má tá sé ar eolas agat – m.sh. An Nollaig, 25ú in aice le mí na Nollag.
3. Is féidir an féilire seo a chur in airde i do sheomra leapa nó in áit fheiceálach.

© CCEA 2022